

Rochtain don Phobal ar ábhar i gCartlann TG4

Is craoltóir seirbhíse poiblí TG4 ar mian leis a ábhar a sholáthar go forleathan. Dá réir sin, tá socruithe cuí againn chun freastal ar iarratais réasúnacha rochtana ón phobal ar an ábhar atá ar coimeád inár gcartlann.

Leagtar amach anseo polasaí TG4 i leith na rochtana poiblí seo, ar dualgas reachtúil é san Acht Craolacháin 2009.

Tá Cartlann TG4 1996-2007 á digitíú agus á clárú faoi láthair. Éascóidh seo go mór an rochtain atá ar ábhar ó thús-tréimhse na seirbhíse. De réir mar a chuirtear an togra sin i gcrích, éascófar tuilleadh an próiseas rochtana don phobal.

Seo mar a oibríonn Scéim Rochtana TG4 don phobal.

1. Seol d'fhiosrúchán ar an bhfoirm thíos chuig cartlann@tg4.ie Sa bhfiosrúchán beidh sonraí an chláir atá i gceist agat, a theideal cruinn agus dáta craolta más féidir. Gheobhaidh tú admháil uainn láithreach.
2. Féachfar le freagra ar d'fhiosrúchán a sholáthar duit taobh istigh de 10 lá oibre. Sonrófar ansin an líon uaireanta an chloig cuardaigh/postáil a bheadh i gceist don ábhar agus an muirear/costas a bheadh le híoc agat dá mbeadh uait leanacht leis an rochtain. Sonrófar freisin an ceadmhach cóip den ábhar a thabhairt duit agus an costas a bhainfeadh le soláthar na cóipe sin, sa mbreis ar an rochtain féin.
3. Más mian leat dul ar aghaidh leis rochtain, beidh ort an muirear seo a íoc roimh ré.
4. Agus an táille íoctha agat le TG4, cuirfear ar an eolas tú maidir leis an modh ina gcuirfear an rochtain ar fáil duit ar an ábhar a d'fhiosraigh tú. Tabharfaidh an modh rochtana seo deis duit féachaint ar-líne ar an ábhar ar feadh 14 lá ón tús dáta nó féachaint air i gCeannáras TG4 ag am a aontóidh tú féin agus TG4. Ní bheidh ar do chumas é a íoslódáil ná a chóipeáil. Sa gcás go bhfuil cead ag TG4 cóip den ábhar a sholáthar duit d'úsáid phearsanta, cuirfear ar an eolas thú roimh ré faoin táille cóipeála atá i gceist agus má tá tú sásta an táille sin a íoc roimh ré, cuirfear cóip den ábhar ar fáil duit d'úsáid phearsanta.

Nóta Míithe:

Rochtain an chuspóir, deis an t-ábhar a fheiceáil. Ní i gcónaí atá cead ag TG4 cóip a dhéanamh ná a dhíol. I gcás roinnt den ábhar atá i gCartlann TG4, tá srianta suntasacha nó cosc iomlán ar chóipeanna a dhéanamh, a sholáthar ná a dhíol leis an bpobal. Tá seo amhlaidh do chraoltóirí eile freisin.

Ceadaíonn an tAcht Craolacháin do TG4 muirear (táille) a ghearradh ar iarrthóirí rochtana, táille a ghlanfaidh an costas cuardaigh ar TG4 agus an t-iarratas á phróiseáil. Costas riaracháin na seirbhíse atá i gceist leis seo. Ní ceadmhach do TG4 brabach a dhéanamh as.